Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6830/26**

**EF 52**
**ECOFIN 269**
**DELACT 40**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 994 final |
| Ábhar: | TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 20.2.2026 lena leasaítear Treoir Tharmligthe (AE) 2017/593 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha chun seirbhísí forghníomhaithe agus taighde tríú páirtí a sholáthar do ghnólachtaí infheistíochta a sholáthraíonn seirbhísí bainistithe punainne nó seirbhísí infheistíochta eile nó seirbhísí coimhdeacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 994 final.

Faoi iamh: C(2026) 994 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.2.2026
C(2026) 994 final

**TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 20.2.2026**

**lena leasaítear Treoir Tharmligthe (AE) 2017/593 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha chun seirbhísí forghníomhaithe agus taighde tríú páirtí a sholáthar do ghnólachtaí infheistíochta a sholáthraíonn seirbhísí bainistithe punainne nó seirbhísí infheistíochta eile nó seirbhísí coimhdeacha**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Treoir (AE) 2021/338 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (cuid den 'Phacáiste Téarnaimh um Margaí Caipitil'), leasaíodh Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] ('MiFID II'), chun forbairt taighde a éascú ar eisitheoirí beaga agus meánchaipitlithe a bheith ag lorg rochtain níos fearr ar mhargaí caipitil agus ar infheisteoirí. Leis an leasú ceadaíodh go mbeadh gnólachtaí infheistíochta in ann íoc go comhpháirteach as soláthar seirbhísí taighde agus forghníomhaithe dá gcomhlíonfaí coinníollacha áirithe. Bhí sé ar cheann de na coinníollacha nach mór baint a bheith ag an taighde le heisitheoirí nár mhó ná EUR 1 bhilliún a gcaipitliú margaidh, mar a shloinntear le luachanna dheireadh na bliana do na 36 mhí roimh sholáthar an taighde. I gcás cuideachtaí a bhfuil caipitliú margaidh níos airde acu, lean an oibleagáid íoc ar leithligh as seirbhísí taighde agus forghníomhaithe d'fheidhm a bheith aici.

Mar sin féin, ós rud é nár mhoilligh an laghdú ar thaighde infheistíochta i ndiaidh an leasaithe sin, le Treoir (AE) 2024/2811 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] (cuid de phacáiste 'an Ghnímh um Liostú'), leasaíodh MiFID II a thuilleadh chun níos mó solúbthachta a thabhairt do na gnólachtaí infheistíochta sa chaoi a roghnaíonn siad íocaíochtaí a eagrú le haghaidh seirbhísí forghníomhaithe agus taighde. Go sonrach, déantar an méid seo a leanas leis an Treoir:

- Baintear an rogha róshriantach do ghnólachtaí gan íocaíochtaí a chuachadh le haghaidh seirbhísí taighde agus forghníomhaithe ach amháin nuair a bhaineann an taighde le cuideachtaí nach mó ná EUR 1 bhilliún a gcaipitliú margaidh.
- Tugtar isteach rialacha níos solúbtha lena gceadaítear do ghnólachtaí infheistíochta an modh íocaíochta is oiriúnaí a roghnú le haghaidh seirbhísí taighde agus forghníomhaithe.
- Cuirtear deireadh leis an gceanglas íocaíochtaí a dheighilt i gcás ina meastar é sin a bheith róchiotach do ghnólachtaí, agus ligtear dóibh íocaíochtaí ar leithligh a choinneáil ar bun an tráth céanna más fearr leo.
- Tugtar isteach ceanglais thrédhearcachta lena gceanglaítear ar ghnólachtaí infheistíochta a nochtadh dá gcliaint cé acu a úsáideann siad íocaíochtaí comhpháirteacha nó íocaíochtaí ar leithligh.

Chun a áirithiú go gcuirtear na leasuithe is déanaí sin i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais agus chun taighde ar chuideachtaí a chur chun cinn, ba cheart don Choimisiún

[1] Treoir (AE) 2021/338 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2021 lena leasaítear Treoir 2014/65/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise, rialachas táirgí agus teorainneacha suímh, agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/878 a mhéid a bhaineann lena gcur i bhfeidhm maidir le gnólachtaí infheistíochta, chun cabhrú leis an téarnamh ó ghéarchéim COVID-19 (IO L 68, 26.2.2021, lch. 14. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2021/338/oj).

[2] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (athmhúnlú) (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj).

[3] Treoir (AE) 2024/2811 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Treoir 2014/65/AE chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/34/CE (IO L, 2024/2811, 14.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/2811/oj).

Treoir Tharmligthe (AE) 2017/593[4] a leasú. Go háirithe, ba cheart dó athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha lena rialaítear modhanna íocaíochta le haghaidh taighde a sholáthraíonn_tríú páirtithe do ghnólachtaí infheistíochta a sholáthraíonn seirbhísí bainistithe punainne, seirbhísí infheistíochta eile nó seirbhísí coimhdeacha. Sa chomhthéacs sin, d'iarr an Coimisiún comhairle theicniúil ar an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA).

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Ar bhonn glao ón gCoimisiún ar chomhairle theicniúil, rinne ESMA comhairliúchán poiblí maidir le leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar fhorálacha taighde i dTreoir Tharmligthe (AE) 2017/593, i gcomhthéacs an Ghnímh um Liostú. Foilsíodh an páipéar comhairliúcháin[5] an 28 Deireadh Fómhair 2024 ar shuíomh gréasáin ESMA agus d'fhan sé ar oscailt go dtí an 28 Eanáir 2025. Chomh maith leis sin d'iarr ESMA tuairimí an Ghrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí a bunaíodh faoi Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Ón 17 Nollaig 2025 go dtí an 12 Eanáir 2026, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le Sainghrúpa an Choiste Eorpaigh um Urrúis maidir leis an dréacht-Treoir Tharmligthe. Fuarthas trí bharúil lenar léiríodh tacaíocht ghinearálta don dréacht-togra.

Ón 4 Nollaig 2025 go dtí an 1 Eanáir 2026, foilsíodh an dréacht-Treoir Tharmligthe ar an tairseach um Rialáil Níos Fearr ar feadh tréimhse aiseolais 4 seachtaine i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Fuarthas 12 bharúil. Den chuid is mó bhain an t-aiseolas a fuarthas leis na rialacha is infheidhme maidir le taighde a n-íocann gnólachtaí infheistíochta as ó acmhainní dílse agus taighde a n-íoctar as ón gcuntas íocaíochta taighde. Mhol roinnt páirtithe leasmhara na forálacha ábhartha a bhaineann le taighde a tugadh isteach le Treoir (AE) 2024/2811 a neartú agus a fhorlíonadh sa Treoir Tharmligthe.

Tar éis aird chuí a thabhairt, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart na ceanglais maidir le cáilíocht a leagtar amach sa dréacht-Treoir Tharmligthe agus a mbeidh feidhm acu maidir leis an taighde uile, gan beann ar an gcaoi a n-íocann gnólachtaí infheistíochta as seirbhísí forghníomhaithe agus taighde, a bheith ina gcoimircí leormhaithe chun an cháilíocht iomchuí taighde a áirithiú. Dá réir sin, measann an Coimisiún nach bhfuil gá le tuilleadh leasuithe ar an dréacht-Treoir Tharmligthe nó nach mbeidís i gcomhréir leis na leasuithe a leagtar amach i dTreoir (AE) 2024/2811. Thairis sin, rinne ESMA moltaí a mheasúnú agus a chur as an áireamh cheana féin ag céim níos luaithe amhail ceanglas cáilíocht an taighde ó sholáthraí a chur i gcomparáid le cáilíocht taighde ó sholáthraithe taighde eile, ós rud é gur measadh ualach rómhór a bheith ag baint leo agus gur dócha go gcruthófaí leo castacht rialála nach bhfuil gá léi do ghnólachtaí infheistíochta.

---

[4] Treoir Tharmligthe (AE) 2017/593 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hionstraimí airgeadais agus cistí ar le cliaint iad a chosaint, oibleagáidí um rialachas táirgí agus na rialacha is infheidhme maidir le táillí, coimisiúin nó aon tairbhí airgeadaíochta nó neamhairgeadaíochta a sholáthar nó a fháil (IO L 87, 31.3.2017, lch. 500. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_del/2017/593/oj).

[5] https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/2025-04/ESMA35-335435667-6290_Technical_advice_to_the_EC_on_amendments_to_the_research_provisions_of_the_MiFID_II_Delegated_Directive_in_the_context_of_the_Listing_Act.pdf

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

**TÁ CEITHRE AIRTEAGAL SA TREOIR THARMLIGTHE SEO.**

- Le hAirteagal 1 leasaítear Airteagal 13 de Threoir Tharmligthe (AE) 2017/593, lena leagtar amach rialacha nua lena gceadaítear íocaíochtaí comhpháirteacha nó íocaíochtaí ar leithligh le haghaidh seirbhísí taighde infheistíochta agus forghníomhaithe.
- Le hAirteagal 2 leagtar amach an amlíne do na Ballstáit chun na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá a ghlacadh chun na rialacha nua a leagtar síos sa Treoir Tharmligthe seo a thrasuí, agus dáta a gcur i bhfeidhm.
- Le hAirteagal 3 leagtar amach an amlíne maidir le teacht i bhfeidhm na rialacha nua a leagtar síos sa Treoir Tharmligthe seo.
- Le hAirteagal 4, sonraítear gur chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir Tharmligthe seo.

**TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 20.2.2026**

**lena leasaítear Treoir Tharmligthe (AE) 2017/593 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha chun seirbhísí forghníomhaithe agus taighde tríú páirtí a sholáthar do ghnólachtaí infheistíochta a sholáthraíonn seirbhísí bainistithe punainne nó seirbhísí infheistíochta eile nó seirbhísí coimhdeacha**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53(1) de,

Ag féachaint do Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], agus go háirithe Airteagal 24(13) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2024/2811 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] leasaíodh Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, go háirithe trí níos mó taighde infheistíochta ar na cuideachtaí sin a chothú, rud a dhéanfaidh níos infheicthe iad agus lena dtabharfar níos mó deiseanna dóibh infheisteoirí ionchasacha a mhealladh.

(2) Le Treoir (AE) 2024/2811 leasaíodh an chaoi a bhféadfaidh gnólachtaí infheistíochta íoc as seirbhísí forghníomhaithe agus taighde tríú páirtí tríd an rogha a thabhairt do na gnólachtaí sin roghnú idir íoc ar leithligh nó íoc go comhpháirteach as na seirbhísí sin. Leis an tsolúbthacht sin aithnítear an t-ualach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith i gceist do ghnólachtaí áirithe le híocaíochtaí leithleacha a eagrú le haghaidh seirbhísí forghníomhaithe agus taighde, ar gnólachtaí iad a roghnaíonn ansin gan seirbhísí taighde a sholáthar ná a úsáid a thuilleadh, go háirithe maidir le cuideachtaí beaga agus meánchaipitlithe.

(3) Le Treoir Tharmligthe (AE) 2017/593[9], ní shonraítear ach na ceanglais a bhaineann le híocaíocht chomhpháirteach as seirbhísí taighde agus forghníomhaithe. Is gá a léiriú

---

[6] IO L 173, 12.6.2014, lch. 349.

[7] Treoir (AE) 2024/2811 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Treoir 2014/65/AE chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/34/CE (IO L, 2024/2811, 14.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/2811/oj).

[8] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (athmhúnlú) (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj).

[9] Treoir Tharmligthe (AE) 2017/593 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hionstraimí

go gceadaítear anois do ghnólachtaí infheistíochta rogha a dhéanamh íoc i gcomhpháirt nó ar leithligh as na seirbhísí sin agus sa dá chás, gur cheart feidhm a bheith ag ceanglais maidir le measúnú cáilíochta ar an taighde.

(4) An tsolúbthacht a thugtar do ghnólachtaí infheistíochta a mhéid a bhaineann leis an modh íocaíochta, níor cheart go gcuirfeadh sí isteach ar oibleagáid na ngnólachtaí sin gníomhú go macánta, go cothrom agus go gairmiúil i gcomhréir le leas a gcliant. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar na gnólachtaí infheistíochta sin measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an taighde a thomhlaíonn siad nó a sholáthraíonn siad chun a áirithiú go bhfuil cáilíocht ag baint leis an taighde a sholáthraíonn tríú páirtí dóibh agus gur féidir é a úsáid chun rannchuidiú le cinneadh infheistíochta níos fearr, rud a thabharfadh breisluach i gceist don infheisteoir deiridh.

(5) Ba cheart do na gnólachtaí infheistíochta a soláthraítear an taighde dóibh cáilíocht an taighde sin a mheasúnú go bliantúil. Chun a áirithiú go rannchuidíonn an taighde go héifeachtach le cinneadh infheistíochta níos fearr, i gcomhréir leis an straitéis infheistíochta is infheidhme maidir le punann na gcliant, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta é sin a dhéanamh ar bhonn critéir ardcháilíochta láidre. I gcás ina nochtar sa mheasúnú bliantúil easpa cáilíochta a bheith ar an taighde, nó easpa inúsáidteachta air nó easpa ar a rannchuidiú le cinneadh infheistíochta níos fearr, ba cheart do na gnólachtaí infheistíochta lena mbaineann gníomhaíochtaí a bhreithniú chun an cás a leigheas, lena n-áirítear a iarraidh ar an soláthraí taighde tríú páirtí cáilíocht an taighde a fheabhsú, deireadh a chur le húsáid nó dáileadh an taighde atá ar cháilíocht neamh-leormhaith nó soláthraí malartach taighde a roghnú.

(6) Chuathas i gcomhairle leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10], le haghaidh comhairle theicniúil maidir leis na rialacha a leagtar síos sa Treoir Tharmligthe seo.

(7) Chun é a chur ar a gcumas d'údaráis inniúla agus do ghnólachtaí infheistíochta oiriúnú do na ceanglais nua ionas gur féidir iad a chur i bhfeidhm go héifeachtúil agus go héifeachtach, ba cheart dáta thrasuí agus dáta chur i bhfeidhm na Treorach Tarmligthe seo a ailíniú le dáta thrasuí agus dáta chur i bhfeidhm Threoir (AE) 2024/2811 faoi seach.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir Tharmligthe (AE) 2017/593 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Threoir Tharmligthe (AE) 2017/593**

Leasaítear Treoir Tharmligthe (AE) 2017/593 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

---

airgeadais agus cistí ar le cliaint iad a chosaint, oibleagáidí um rialachas táirgí agus na rialacha is infheidhme maidir le táillí, coimisiúin nó aon tairbhí airgeadaíochta nó neamhairgeadaíochta a sholáthar nó a fháil (IO L 87, 31.3.2017, lch. 500. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_del/2017/593/oj).

[10] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh gnólachtaí infheistíochta a oibríonn cuntas íocaíochta taighde ar leithligh dá dtagraítear in Airteagal 24(9a), pointe (d)(ii), de Threoir 2014/65/AE, na coinníollacha seo a leanas a bhaineann le hoibriú an chuntais:

(a) maoinítear an cuntas íocaíochta taighde le muirear taighde sonrach ar an gcliant;

(b) mar chuid de chuntas íocaíochta taighde a bhunú agus an muirear taighde a chomhaontú lena gcliaint, socraíonn gnólachtaí infheistíochta buiséad taighde agus measúnaíonn siad go rialta é mar bheart riaracháin inmheánach;

(c) is é an gnólacht infheistíochta a bhíonn freagrach as an gcuntas íocaíochta taighde.';

(b) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

'1a. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnólachtaí infheistíochta a bhaineann úsáid as cuntas íocaíochta taighde dá dtagraítear i mír 1 an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar dá gcliaint:

(a) roimh sheirbhísí infheistíochta a sholáthar dá gcliaint, faisnéis faoin méid arna bhuiséadú le haghaidh taighde agus méid an mhuirir taighde mheasta le haghaidh gach cliaint;

(b) faisnéis bhliantúil maidir leis na costais iomlána atá tabhaithe ag an ngnólacht infheistíochta le haghaidh taighde tríú páirtí.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 go 7:

'2. Áiritheoidh na Ballstáit, maidir le gnólachtaí infheistíochta a roghnaíonn íoc ar leithligh as seirbhísí forghníomhaithe agus taighde agus a oibríonn cuntas íocaíochta taighde dá dtagraítear i mír 1, go gcuirfidh siad gach ceann de na nithe seo a leanas ar fáil, arna iarraidh sin dá gcliaint nó d'údaráis inniúla:

(a) liosta na soláthraithe a íoctar as an gcuntas íocaíochta taighde sin;

(b) an méid iomlán a íocadh leis na soláthraithe sin in imeacht tréimhse shonraithe;

(c) na tairbhí agus na seirbhísí a fuair an gnólacht infheistíochta ó na soláthraithe sin;

(d) an chaoi a gcruthaíonn an méid iomlán a chaitear ón gcuntas íocaíochta taighde i gcomparáid leis an mbuiséad a shocraigh an gnólacht infheistíochta don tréimhse sin, agus aon lacáiste nó tabhairt anonn á thabhairt faoi deara má fhanann cistí iarmharacha sa chuntas.

Chun críocha mhír 1, pointe (a), áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas maidir leis an muirear taighde measta:

(a) nach mbunaítear é ach ar bhuiséad taighde a shocróidh an gnólacht infheistíochta le haghaidh an taighde tríú páirtí is gá chun seirbhísí infheistíochta a sholáthar do chliaint an ghnólachta infheistíochta sin;

(b) nach nasctar é le líon ná le luach na n-idirbheart a fhorghníomhaítear thar ceann na gcliant.

3. Áiritheoidh na Ballstáit, maidir le gnólachtaí infheistíochta a roghnaíonn íoc ar leithligh as seirbhísí forghníomhaithe agus taighde agus a oibríonn cuntas íocaíochta taighde dá dtagraítear i mír 1:

(a) maidir le gach socrú oibríochtúil le haghaidh bhailiú an mhuirir taighde cliaint , go sonraíonn siad muirear taighde inaitheanta ar leithligh;

(b) go gcomhlíonann siad go hiomlán na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 1 agus 1a.

4. Áiritheoidh na Ballstáit, maidir le gnólachtaí infheistíochta a roghnaíonn íoc ar leithligh as seirbhísí forghníomhaithe agus taighde agus a oibríonn cuntas íocaíochta taighde dá dtagraítear i mír 1, nach bhfaigheann siad méid iomlán muirear taighde atá níos mó ná a mbuiséad taighde.

5. Maidir le gnólachtaí infheistíochta a roghnaíonn íoc ar leithligh as seirbhísí forghníomhaithe agus taighde agus a oibríonn cuntas íocaíochta taighde ar leithligh dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na gnólachtaí infheistíochta sin a chomhaontú lena gcliaint, ina gcomhaontú bainistíochta nó ina dtéarmaí gnó ginearálta, an muirear taighde arna bhuiséadú ag an ngnólacht infheistíochta agus a mhinice a asbhainfear an muirear taighde sonrach ó acmhainní an chliaint i gcaitheamh na bliana.

Áiritheoidh na Ballstáit nach méadaíonn gnólachtaí infheistíochta a mbuiséad taighde ach amháin tar éis dóibh faisnéis shoiléir a sholáthar dá gcliaint maidir le méaduithe beartaithe den sórt sin.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh próiseas ag gnólachtaí infheistíochta chun aon bharrachas sa chuntas íocaíochta taighde a aisíoc lena gcliaint ag deireadh tréimhse nó chun é a fhritháireamh in aghaidh an bhuiséid taighde agus an mhuirir taighde arna ríomh don tréimhse ina dhiaidh sin.

6. Áiritheoidh na Ballstáit, maidir le gnólachtaí infheistíochta a roghnaíonn íoc ar leithligh as seirbhísí forghníomhaithe agus taighde agus a oibríonn cuntas íocaíochta taighde dá dtagraítear i mír 1, gurb iadsan amháin atá freagrach as bainistiú an bhuiséid taighde dá dtagraítear i mír 1, pointe (b).

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an buiséad taighde dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), bunaithe ar mheasúnú réasúnach ar an ngá atá le taighde tríú páirtí.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh leithdháileadh an bhuiséid taighde chun taighde tríú páirtí a cheannach faoi réir rialuithe agus fhormhaoirseacht bainistíochta sinsearaí an ghnólachta infheistíochta a mheastar a bheith iomchuí go hoibiachtúil chun a áirithiú go mbainistítear agus go n-úsáidtear an buiséad taighde ar mhaithe le leas chliaint an ghnólachta infheistíochta. Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar leis na rialuithe sin rian iniúchóireachta soiléir de na híocaíochtaí a dhéantar le soláthraithe taighde agus den chaoi ar cinneadh na méideanna a íocadh agus tagairt á déanamh do na critéir cháilíochta dá dtagraítear i mír 10, an chéad fhomhír. Áiritheoidh na Ballstáit nach n-úsáideann gnólachtaí infheistíochta an buiséad taighde agus an cuntas íocaíochta taighde chun taighde inmheánach a chistiú.

7. Chun críocha mhír 1, pointe (c), áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh gnólachtaí infheistíochta riar an chuntais íocaíochta taighde a tharmligean

chuig tríú páirtí, ar choinníoll go n-éascófar leis an socrú sin taighde tríú páirtí a cheannach agus an íocaíocht a dhéanamh le soláthraithe taighde in ainm an ghnólachta infheistíochta gan aon mhoill mhíchuí i gcomhréir le treoir an ghnólachta infheistíochta.';

(d) scriostar mír 8;

(e) cuirtear an mhír 10 seo a leanas isteach:

'10. Áiritheoidh na Ballstáit, gan beann ar an gcaoi a n-íocann gnólachtaí infheistíochta as seirbhísí forghníomhaithe agus taighde, go mbunóidh siad a measúnú bliantúil ar an taighde, a cheanglaítear faoi Airteagal 24(9a), pointe (c), de Threoir 2014/65/AE, ar chritéir cháilíochta láidre lena gcuirfear ar a gcumas do ghnólachtaí measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar cháilíocht, ar inúsáidteacht, ar luach an taighde agus ar chumas an taighde rannchuidiú le cinntí infheistíochta níos fearr.

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnólachtaí infheistíochta na gníomhaíochtaí feabhais is gá i gcás ina nochtar le measúnuithe easpa cáilíochta, easpa inúsáidteachta, easpa luacha a bheith ar an taighde nó easpa a bheith ar an taighde rannchuidiú le cinneadh infheistíochta níos fearr.'.

*Airteagal 2*
**Trasuí**

Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 5 Meitheamh 2026 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 6 Meitheamh 2026.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*
**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*
**Seolaithe**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20.2.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*